2025/1855

2.10.2025

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 160/2025

an 13 Meitheamh 2025

lena leasaítear Prótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE, maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse [2025/1855]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagail 86 agus 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is iomchuí leanúint de chomhar na bPáirtithe Conarthacha i gComhaontú LEE i ngníomhaíochtaí an Aontais a chistítear ó bhuiséad ginearálta an Aontais agus a bhaineann le saorghluaiseacht oibrithe, comhordú scéimeanna slándála sóisialta agus bearta le haghaidh imirceach, lena n-áirítear imircigh as tríú tíortha.

(2) Ba cheart, dá bhrí sin, Prótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú chun go bhféadfar an comhar leathnaithe sin a bheith ann ón 1 Eanáir 2025,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

I míreanna 5 agus 14 d'Airteagal 5 de Phrótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE, cuirtear na focail 'blianta airgeadais 2021, 2022, 2023, 2024 agus 2025 in ionad na bhfocal 'blianta airgeadais 2021, 2022, 2023 agus 2024'.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis an fhógra dheireanaigh faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE (*).

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2025.

Airteagal 3

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Meitheamh 2025.

Thar ceann Chomhchoiste an LEE
An tUachtarán
Nicolas VON LINGEN

(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.